CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 96/24
Lucsamburg, 11 Meitheamh 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-646/21 | Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Mná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne)

# Cosaint idirnáisiúnta: is féidir stádas dídeanaí a thabhairt do mhná a thacaíonn le luach an chomhionannais inscne

De réir na n-imthosca atá i réim sa tír thionscnaimh, féadfar a mheas go bhfuil ballraíocht i 'ngrúpa sóisialta áirithe' ag mná, lena n-áirítear mionaoisigh, a bhfuil comhthréith acu, eadhon fíorchreideamh i mbunluach an chomhionannais inscne a tharraing siad chucu féin le linn tréimhse chónaithe fhada i mBallstát, atá ina 'cúis le géarleanúint' a bhfuil stádas dídeanaí inaitheanta dá bharr.

Tá sainchónaí ar bheirt dhéagóirí ón Iaráic go leanúnach san Ísiltír ó 2015. Tar éis dhiúltú a gcéad iarratais ar thearmann, rinne siad iarratais ina dhiadh. Chuir siad in iúl, mar thaca leis na hiarratais sin, gur tharraing siad noirm, luachanna agus iompar a bpiaraí san Ísiltír chucu féin mar gheall ar an tréimhse chónaithe fhada a chaith siad sa tsochaí sin. I gcás filleadh ar an Iaráic, measann siad nach bhféadfaidís in ann rialacha sochaí nach dtugann na cearta céanna atá ag fir do mhná agus do chailíní a chomhlíonadh agus tá eagla orthu go ndéanfar géarleanúint orthu mar gheall ar an bhféiniúlacht a d'fhorbair siad san Ísiltír.

Dhiúltaigh údaráis na hÍsiltíre na hiarratais ina dhiadh sin freisin agus thionscain na mná óga sin imeachtaí os comhair chúirteanna na hÍsiltíre, a chinn ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais i ndáil le léiriú Threoir 2011/95 maidir le cosaint idirnáisiúnta, lena leagtar síos na coinníollacha chun stádas dídeanaí a dheonú do náisiúnaigh tríú tír. Tá an stádas sin ar fáil i gcás géarleanúna ar aon náisiúnach tríú tír mar thoradh ar chine, reiligiún, náisiúntacht, tuaraimí polaitíochta nó ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe [1].

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt, ag brath ar na himthosca atá i réim sa tír thionscnaimh, go bhféadfar a mheas go bhfuil ballraíocht i 'ngrúpa sóisialta áirithe' ag mná, lena n-áirítear mionaoisigh, a bhfuil comhthréith acu, eadhon fíorchreideamh i mbunluach an chomhionannais inscne a tharraing siad chucu féin le linn tréimhse chónaithe fhada i mBallstát, atá ina 'cúis le géarleanúint' a bhfuil stádas dídeanaí inaitheanta dá bharr.

Sonraíonn sí, i gcás ina ndéanann mionaoiseach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nach mór do na húdaráis náisiúnta leas an linbh sin a chur san áireamh i gcomhthéacs measúnú aonair maidir le bunús an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh ag an mionaoiseach sin.

Thairis sin, féadfar tréimhse chónaithe fhada i mBallstát, go háirithe nuair a tharlaíonn sé le linn na céime dá shaol ina múnlaíonn an mionaoiseach a fhéiniúlacht, a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar fhoras géarleanúna amhail 'ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe'.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar.